Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

Teach Rathgael
43 Bóthar Balloo
Beannchar
BT19 7PR
Teil: 028 91279708
Facs: 028 91279100
Ríomhphost:

2 Feabhra 2010

Comhairliúchán ar dhréacht-Rialacháin Oideachais (Pleananna Forbartha Scoile) 2010

Tá an Roinn Oideachais i mbun comhairliúcháin ar dhréacht-rialacháin leasaithe a leagann amach na riachtanais phleanála le haghaidh forbairt scoile.

Tá na riachtanais reatha do phleanáil forbartha scoile leagtha amach sna Rialacháin Oideachais (Pleananna Forbartha Scoile) (TÉ) 2005. Thug an Roinn tiomantas le hathbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais de réir Gach Scoil ina Scoil Mhaith - Polasaí le haghaidh Feabhsú Scoile. Tá féinmheasúnacht a chruthaíonn féinfheabhsú ag croí Gach Scoil ina Scoil Mhaith agus is é an aidhm atá le hathbhreithniú ar na rialacháin le pleanáil forbartha éifeachtach a chur chun cinn agus feabhas a chur ar chaighdeáin.

Ba mhaith linn a chinntiú go:

- go mbíonn fócas na pleanála forbartha scoile ar chaighdeáin a ardú;
- go dtacaíonn pleanáil le haghaidh úsáid éifeachtach ár n-acmhainní airgeadais agus eile leis an phleanáil le haghaidh forbartha; agus

- gur féidir an próiseas féinmheasúnachta agus pleanála le haghaidh forbartha a bhainistiú agus go gcuireann sé solúbthacht ar fáil do scoileanna a gcuid tosaíochtaí féin a chinntiú.

Tá príomhfhorálacha na rialachán beagnach mar a bhíodh roimhe ach ní mór athruithe tábhachtacha a dhéanamh ar an Sceideal, a leagann amach na ceisteanna atá le plé i bpleanáil forbartha scoile.

Tá doiciméad comhairliúcháin ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne ag Review of School Development Plan Regulations 2010, a leagann amach cúlra an athbhreithnithe seo, na forálacha nár athraíodh agus na hathruithe ar na rialacháin. Tá cóip de na dréacht-rialacháin ar fáil fosta.

Mholfainn duit an t-ábhar a léamh agus do thuairimí a roinnt linn, trí úsáid a bhaint as an fhoirm freagartha atá curtha ar fáil.

Druidfear an comhairliúchán seo ar an 26ú Márta 2010 agus ba chóir freagraí a chur ar ais le ríomhphost chuig:standardsandimprovementteam@deni.gov.uk.

Lisa Boal
An Fhoireann um Chaighdeáin agus Fheabhsuithe